2009. M66T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

# EALAÍN

## Ceardaíocht

### Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 7 Bealtaine     Maidin 9.30 – 12.00     Tráthnóna 2.00 – 4.30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí **Dé Máirt, 28 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin (níl ach bileog **amháin** ceadaithe) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl chead agat áiseanna amhairc** ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe nó obair ealaíne réamhullmhaithe) a thabhairt isteach sa scrúdú.

Ceadaítear úsáid a bhaint as aon ábhar ceardaíochta agus as aon uirlis atá oiriúnach chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.

Ní cheadaítear ábhair orgánacha mheatacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog, agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

**Céim 1:** **Bileog d'Obair Ullmhúcháin (TAIGHDE)** **(0 marc)**

Do chuid **taighde** is cóir a bheith ar an mbileog A2 seo d'obair ullmhúcháin agus is cóir duit sin a dhéanamh le linn na seachtaine roimh an scrúdú. Is féidir rogha a bheith anseo de na léirthuiscintí a bhaineann tusa go pearsanta as an gceist a roghnaigh tú, agus smaointe faoin gceist a ndearna tú taighde orthu. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh an obair ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna gearrtha amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór obair dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

**Céim 2:** **Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(10 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a fhorbairt.** Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar **fhorbairt shuntasach bhreise** ar na smaointe seo. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na tréithe fisiúla, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2 agus úsáid a bhaint as sceitsí amháin, agus iad daite más mian leat.** Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog d'obair ullmhúcháin a dhéanann tú. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3:** **Ceardaíocht Chríochnaithe** **(90 marc)**

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn an ama a cheadaítear sa scrúdú.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach tréshoilseach ceardaíochta duit ina gcuirfidh tú na nithe seo a leanas:***

An bhileog A2 d'Obair Ullmhúcháin

An bhileog A2 de Réamhsceitsí

Aon ní eile nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist atá freagartha agat)

Do phíosa ceardaíochta críochnaithe, más píosa déthoiseach é

Más ceardaíocht thríthoiseach a dhéanann tú, is cóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí feistithe de.

**Freagair ceann amháin de na ceisteanna seo a leanas:**

**1. Leabharcheardaíochtaí**

Dear agus déan comhad bosca **nó** comhad infhairsingithe **nó** fillteán chun gearrtháin / cuimhneacháin a choimeád le haghaidh **ceann amháin** díobh seo a leanas :

(a) Aonach bainise/pósta
(b) Pop-réalta
(c) Gluaisrothair

Ní mór don saothar leabharcheardaíochta críochnaithe feidhmiú agus meicníocht dhúnta a bheith ann. Féadfaidh an cruth léiriú a thabhairt ar an topaic atá roghnaithe agat. Bain úsáid as ábhair, dathadóireacht, litreoireacht, ceangal agus naisc oiriúnacha. Uasmhéid: 40 cm sa toise is mó.

**Ábhair:** meascán páipéar, cárta, ábhair cheangail agus naisc, péinteanna, dúigh, ábhair cholláise, greamacháin, agus na huirlisí is gá.

**2. Peannaireacht**

Dear agus cuir i gcrích píosa peannaireachta bunaithe ar Théacs **(a) nó** ar Théacs **(b).** Ní mór ceithre líne **ar a laghad** a scríobh as an téacs a roghnaíonn tú. Tá rogha agat idir cur chuige traidisiúnta agus/nó nua-aimseartha i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníocht chuí ar bith eile a úsáid.

| **TÉACS (a)** | **TÉACS (b)** |
|---|---|
| Istigh go maith i meidíne Thúinis, i measc na bprócaí cumhráin, na lampaí Aladdin, na slipéir sheodmhara agus na díoltóirí cairpéid le caipíní turcacha ar a gcinn, is féidir, ar feadh tamaill ghairid, smaoineamh ar *na hOícheanta Arabacha* agus floscadh an andúchasaigh a bholú.<br>An meidíne – seancheantar Thúinis le balla timpeall air agus atá anois ina shuíomh Oidhreachta Domhanda de chuid Unesco – is cathair ghríobháin é de mhoscanna agus de thithe móra. Lagaíonn solas an lae sa lúbra de shráideanna a thugann cóngarach sinn do sheodóirí an rós-óir.<br>Níos faide ar aghaidh, cuireann siopaí an phósta iontas orainn le héadaí chomh hosréalach agus a gheofá i mbúitíc pósta ar bith san iarthar, chomh maith le cairn de hine, rud atá riachtanach sna póstaí Túinéiseacha, a cheiliúrtar ar feadh seacht lá.<br>Is eispéireas riachtanach é d'aon turas chuig an Túinéis an tsiopadóireacht agus bíonn margaíocht bhríomhar i gceist léi i gcónaí.<br>*The Irish Times* | Bhí an vása lonrach 'Fairyland' i gcónaí ar an gceann ab fhearr léi. Fuair Nell é ar stainnín dramhaíola agus maoine, scór bliain nó níos mó roimhe sin. Bheadh a luach ar eolas ag ceannaí seandachtaí ar bith a mbeadh fios a gnó aici ach bhí an vása lonrach 'Fairyland' difriúil. Níorbh é a luach airgid, cé go raibh sé sin ard go leor, ach an rud ar sheas sé dó: an chéad uair ag Nell ór a aimsiú i dtimpeallacht nach raibh sí ag súil leis. Agus mar an gcéanna le mianadóir óir, a choimeádann a chéad chnap óir, cibé luach atá air, ní raibh Nell toilteanach an vása a scaoileadh uaithi.<br>Agus é fillte i dtuáille aici, chuir sí i dtaisce go sábháilte é sa chúinne dorcha díreach ag barr chófra an línéadaigh agus anois is arís thógadh sí amach é agus bhaineadh sí an tuáille de, díreach chun féachaint air. A áilleacht, na duilleoga glas-dorcha a bhí péinteáilte ar a thaobh, na snáitheanna óir a bhí ag rith tríd an dearadh, na sióga *art nouveau* a bhí i bhfolach i measc an duilliúir: bhí an chumhacht acu sin a craiceann a fhuarú.<br>*The Forgotten Garden* le Kate Morton. |

**Ábhair:** dromchla oiriúnach d'obair pheannaireachta – uasmhéid na bileoige: A2; meascán ábhar do cholláis: dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacart, etc. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú**, á dheimhniú go bhfuil sí folamh.

3. **Póstaer**

Dear agus déan póstaer do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Craobhchomórtais Náisiúnta an Treafa.
(b) Féile Ghrinn na gCat
(c) Rás na Long Ard, 2009.

**nó**

Dear agus déan póstaer d'fhéile rince traidisiúnta. Níor chóir do phíosa roghnaithe a bheith níos mó ná A2 ar an méid is mó.
Ní mór duit litreoireacht a bheith san áireamh i do shaothar críochnaithe.
Ní mór **leagan amach agus spásáil na litreoireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe.** Is ceadmhach stionsal den aibítir (litreacha indibhidiúla amháin) atá gearrtha agat féin, a úsáid. Ba chóir an stionsal féin a chur isteach freisin.

**Ábhair:** páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, greamachán, scuaba, péinteanna, dúigh, agus aon mheán eile a thriomaíonn go tapa. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú**, á dheimhniú go bhfuil sí folamh.

4. **Fíodóireacht**

Freagair (a) **nó** (b).

(a) Dear agus figh painéal do chlúdach cúisín atá bunaithe ar phlandaí ón dufair.

(b) Dear agus figh taipéis bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:
- Beatha locháin
- Dul faoi na gréine san Fhómhar
- Féileacáin

Úsáid ábhair agus teicníochtaí éagsúla san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr feabhais a chur ar do shaothar.

**Ábhair:** deilbh réamhullmhaithe ar sheol nó ar fhráma; éagsúlacht mhór snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

5. **Líonóilphriontáil/Blocphriontáil**

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) Cois farraige
(b) Báid, traenacha nó eitleáin
(c) Féinphortráid

Ba chóir go mbeadh toisí 15 cm × 20 cm ar a laghad i do phrionta críochnaithe. Is féidir leat dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad air. Ba chóir cineálacha éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar agus tuiscint chuimsitheach ar airíonna na lionóilphriontála/na blocphriontála a léiriú.

**Ábhair:** píosa/í líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheith á úsáid agat) nach bhfuil níos lú ná 20 cm × 15 cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa, uirlisí gearrtha agus priontála, etc.

**N.B.** Má tá do chuid priontaí fliuch fós ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh iad go cúramach le plaisteach glé sula gcuireann tú sa chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir do bhlo(i)c líonóile (agus iad clúdaithe i bplaisteach) a chur isteach freisin, chomh maith le do chuid rianaithe.

## 6. Puipéadacht

Déan puipéad lámhainne, puipéad slaite nó puipéad téide bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Aladdin
(b) An drochshióg
(c) Rocky

Ba chóir go mbeadh an puipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Níor chóir go mbeadh corp do phuipéid níos mó ná 100 cm sa toise is mó. **Ní mór éadaí agus oiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe. Caithfear na baill choirp uile a chóimeáil, a dhathú agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe.**

**Ábhair:** fabraic, snáithe, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, etc; bunchruth na lámhainne agus an fhuáil déanta, an bhunchabhail déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó ábhar éadrom eile.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Feithidí
(b) Iasc, sliogiasc, crosóg mhara, smugairle róin
(c) Toradh andúchasach

Is féidir priontáil ar chúlra de do rogha féin atá oiriúnach don dearadh. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100 cm × 100 cm.

**Ábhair:** fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála agus cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus déan / priontáil athphatrún ar phíosa fabraice nach bhfuil níos mó ná 100 cm × 100 cm. Bunaigh do dhearadh ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) "Fós ann go deimhin"
(b) Bróga/Buataisí
(c) Spástaisteal

Méadaigh ar éifeacht do dhearaidh agus tú ag tabhairt airde ar ghluaiseacht, sreabhadh, forphriontáil agus nascacht.

**Ábhair:** fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh etc.

**9. Baitíc**

Dear agus déan baitíc bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Líontán an damháin alla
(b) Gléasanna ceoil
(c) Fia-chailleacha / draoithe.

**Ba chóir do bhaitíc a thumadh go hiomlán uair amháin ar a laghad le linn an phróisis**. Níor chóir an lámhphéinteáil a dhéanamh ach ar réimsí beaga mionsonraí amháin. Níor chóir go mbeadh do bhaitíc níos mó ná 100 cm sa toise is mó.

**Ábhair:** fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, frámaí, etc.

**10. Criadóireacht**

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Arm ó fhinscéalaíocht na heolaíochta
(b) Vása atá faoi thionchar ghluaiseacht ealaíne an Chiúbachais
(c) Plaic rilífe d'fhorhalla in amharclann phuipéad.

**Ní mór duit do shaothar a bhácáil** agus ba chóir é a mhaisiú le hábhair oiriúnacha mar atá sleamhnáin, glónraí agus ocsaídí.

**Ábhair:** Cré réamhullmhaithe do do rogha teicníocht (roth- nó lámhdhéanamh). Trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí, ina measc, sleamhnáin, glónraí, ocsaídí, etc.

**11. Bróidnéireacht**

Dear agus déan taipéis bhalla nó painéal do mhála bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Grian, gealach agus réalta
(b) Faoin bhfarraige
(c) Muisiriúin ríocht na sí.

Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greamanna láimhe nó meaisín). Is féidir meáin mheasctha a úsáid freisin.

**Ábhair:** ábhair éagsúla, ina measc earraí aimsithe, fabraicí, snáitheanna, etc.; snáitheanna bróidnéireachta, fabraic agus ábhair uigeacha do *appliqué*.

**12. Snoíodóireacht adhmaid/Snoíodóireacht**

Dear agus snoigh ceann **amháin** díobh seo a leanas: píosa snoíodóireachta a sheasann leis féin, painéal maisitheach **nó** plaic.

Bíodh do shaothar bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) An gluaisteán (carr) is fearr leat
(b) An t-aonach siamsaíochta
(c) Rásaíocht capall.

**Ábhair:** Is féidir an saothar a shnoí as adhmad, as plástar nó as aon ábhar oiriúnach eile.

## 13. Miotalóireacht/Tógáil

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Dealbhóireacht ghairdín
(b) Trófaí chun ómós a thaispeáint do "mhac léinn na bliana" i do scoil.
(c) Plaic chun comóradh a dhéanamh ar an bhfile is fearr leat.

**Ábhair:** ábhair chruain, miotail do theicníochtaí tógála, uirlisí oiriúnacha.

## 14. Múnlóireacht

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Dealbhóireacht atá bunaithe ar "tá sé beo istigh"
(b) Finscéalta na hÉireann
(c) Rilíf do shiopa gruagaire/bearbóra.

**Ábhair:** Is féidir na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicníochtaí múnlóireachta. Is féidir ábhair bhreise a chur le do shaothar.

**Leathanach Bán**